ACHOIMRE AN FHEIDHMEANNAIS

Tá an t-athbhreithniú seo ar shocruithe tacaíochta do Limistéir Mhídheisiúla (LM) i ndiaidh réimse leathan fianaise a bhailiú le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar (i) shaintréithe agus ar fhadhbanna na LM a dhealaíonn iad ó cheantair eile, (ii) an amhlaidh a mbíonn idirghabháil rialtais de dhíth chun na fadhbanna seo a réiteach agus, má bhíonn, (ii) cén cineál idirghabhála a bheadh i gceist.

Tá roinnt cúiseanna ann leis an athbhreithniú seo a dhéanamh anois. Ar cheann amháin acu, is dea-chleachtas é don rialtas ath-iniúchadh a dhéanamh ar a chuid polasaithe agus beart go rialta le fáil amach má bhíonn siad fós ag freastal ar an díth atá ann, agus má bhíonn siad dírithe ar an dóigh cheart agus má tá luach airgid le fáil iontu. I gcás Liúntais Chúitigh Scéim na LM (LCLM) ní dhearnadh aon athbhreithniú ó bhí díchúpláil ann ar thacaíocht talmhaíochta agus na hathruithe suntasacha a rinne sé seo ar eacnamaíocht an táirgthe beostoic. Is í an phríomhchúis eile atá taobh thiar den athbhreithniú seo an t-athrú a bheidh ag teacht go luath i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh (AE) a rialaíonn an Scéim (a bhfuiltear ag dúil leis bheith i bhfeidhm ó 2010), agus leis seo ní bheidh cúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta arb ann dóibh sa chur chuige atá ann i láthair na huaire i gceist mar chuspóirí na Scéime. Beidh íocaíochtaí tacaíochta LM de dhíth amach anseo sa reachtaíocht nua seo le bheith ceangailte níos soiléire i dtreo cúiteamh a thabhairt ar na costais bhreise a bhíonn i gceist agus ar theacht isteach nach bhfuair daoine a bhíonn ag feirmeoireacht sna LM. Caithfidh ísliú teacht ar an leibhéal

tacaíochta ó thaobh luacha de os cionn leibhéal tairsí talaimh in aghaidh gach gabháltais.

Faoi láthair tá 70% den talamh iomlán talmhaíochta a úsáidtear i dTuaisceart Éirinn ainmnithe mídheisiúil. Tá dhá chatagóir rangaithe ann: ceantar faoi mhíbhuntáiste an-mhór (CMM), ar thart ar 480,000 heicteár é, agus ceantar faoi mhíbhuntáiste (CM), ar thart ar 300, 000 heicteár é.

Tugann an Scéim LCLM thart ar £22 milliún tacaíochta sa bhliain do tháirgeoirí mairteola, uaineola, fiafheola agus gabharfheola mar aitheantas ar na deacrachtaí a bhíonn acu ag feirmeoireacht na gceantar seo agus mat gheall ar an ról a bhíonn acu i gcaomhnú an tírdhreacha agus na bpobal tuaithe. Tá sé seo ar cheann de na 18 Beart ar cuid de Chlár Forbartha Tuaithe Thuaisceart Éireann (CFTTÉ) 2007-2013 iad.

San athbhreithniú seo tá mioniniúchadh déanta ar chúlra agus ar ról tacaíochta na LM, agus tá úsáid mhaith bainte as mionsonraí agus litríocht foilsithe a bhaineann leis na LM, chomh maith le múnlaí eacnamaíocha chun scrúdú a dhéanamh ar shuntas agus ar thionchar íocaíochtaí tacaíochta LM ar ghófheirmeacha. Baineadh úsáid fosta as réimse d’eolas monatóireachta comhshaoil chun scrúdú a dhéanamh ar thábhacht comhshaoil na LM.

Mar thoradh ar an anailís tá cruthaithe gur féidir an cás do thacaíocht LM amach anseo a bhunú ar an fhíric go gcruthaíonn agus go gcothaíonn gníomhaíocht talmhaíochta inbhuanaithe

gnáthóga agus tírdhreach a bhfuil ardluach orthu (is é sin, earraí poiblí comhshaoil) ar bhealach éifeachtach. Léirítear sa bhunús reachtaíochta a bhaineann le tacaíocht LM i ndiaidh 2010 – Rialúchán Comhairle (RB) 1698/2005 – go gcaithfidh sé bheith mar chuspóir ar aon tacaíocht LM cur le caomhnú an tírdhreacha trí leanúint leis an úsáid atá á bhaint as talamh thalmhaíochta agus, chomh maith leis sin, chun córais feirmeoireachta inbhuanaithe a chothú agus a choinneáil. Ba cheart, mar sin, infheistíocht rialtais amach anseo i dtacaíocht LM a thógáil ar an fhianaise seo a leanas:

- Chun go leanfadh feirmeoirí den fheirmeoireacht i gceantair LM tá idirghabháil riachtanach agus gan seo bheadh meath suntasach i ngníomhaíocht thalmhaíochta agus cailliúint dá réir ar shochair phoiblí timpeallachta, mar shampla maidir le bithéagsúlacht agus tírdhreach. I bhfocail eile, caithfear sochar poiblí bheith ann as bheith ag tacú le feirmeoireacht LM nach mbainfí amach murach é:
- Tá maoiniú rialtais ar an chur chuige is cuí chun an sprioc is fearr a bhaint amach agus caithfidh íocaíocht a thugtar mar chúiteamh ar chostais bhreise do fheirmeoirí agus do theacht isteach nach bhfuarthas bheith bainteach leis na deacrachtaí a bhíonn acu siúd a bhíonn ag feirmeoireacht sna LM; agus
- Níl aon dúbailt ann le maoiniú ó fhoinsí eile. Caithfear, ach go háirithe, aon bheart LM sa todhchaí a bheith ar leith ón Íocaíocht Aon Fheirme (ÍOF) agus ó bhearta talmhaíochta timpeallachta agus caithfidh siad bheith in ann rud éigin luachmhar a sholáthar, rud nach féidir leis na bearta eile seo a chur ar fáil.

Tá athrú mór tagtha ar an fheirmeoireacht i dTuaisceart Éireann le fiche bliain anuas agus níos lú feirmeacha agus feirmeoirí ann, feirmeacha atá níos mó ann agus níos mó den fheirmeoireacht pháirt-aimseartha ann in éineacht le fostaíocht taobh amuigh den fheirm. Is cinnte nach bhfuil na LM ar leith ón tionchar seo ach léiríonn an fhianaise go bhfuil an t-athrú struchtúrtha ar an chuid is moille sna CMM, agus go bhfuil an bhearna idir méid mheánach na gnáthfheirme sna CMM agus ceantair eile (CM agus ísealchríoch) ag méadú.

Déantar tromlach na mba diúil agus na gcaorach le haghaidh síolraithe i dTuaisceart Éireann a fheirmeoireacht sna LM. Níl ach deiseanna teoranta talmhaíochta ann taobh amuigh d'eallaí (ba diúil den chuid is mó) agus síolrú caorach ar fáil ann de dheasca ithreach agus aeráide na CMM. Léiríonn an fhianaise go bhfuil i bhfad níos mó béime ar na fiontair seo le blianta beaga anuas agus anois is feirmeacha eallach agus caorach atá i 90% de na feirmeacha ar fad sna CMM. Tá brabús íseal ag baint le ba diúil agus síolrú caorach sna CMM agus cuidíonn íocaíochtaí LCLM go mór le teacht isteach talmhaíochta na bhfeirmeacha seo.

Sna CM agus san ísealchríoch bíonn rogha i bhfad níos leithne talmhaíochta ann chomh maith le táirgiúlacht níos fearr de thoradh cháilíocht an talaimh agus cúinsí aeráide. Tugann seo deis d'fheirmeoirí sna ceantair seo a bhfiontair agus a gcórais táirgiúlachta a leasú chun freastal ar bhrú eacnamaíochta agus ar na deiseanna atá ar fáil dóibh. Ní bhíonn an tsolúbthacht chéanna ann sna CMM áit a mbíonn méid na ngnónna níos lú agus an

brabús dá réir ag brath ar dhifríochtaí beaga díobhálacha i gcostais ionchuir agus i bpraghasanna aschuir.

Tá leibhéil ghníomhaíochta ar fheirmeacha LM (maidir le líon na n-eallach agus na gcaorach) i ndiaidh titim siar chuig an líon a bhí ann fiche bliain ó shin agus tá siad ag titim fós i gcomparáid le méadú suntasach sna CM agus san ísealchríoch. Mar sin de, is léir go mbeidh an dúshlán is mó roimh ghníomhaíocht talmhaíochta sna CMM agus beidh sé deacair gníomhaíocht sna ceantair seo a chaomhnú.

Léiríonn an fhianaise sa tuarascáil seo go mbíonn baint níos mó ag an achar ó Bhéal Feirste maidir leis an tionchar ar leibhéil díothachta ná mar a bhíonn ag rangú talaimh laistigh d'aon cheantar faoi leith. Mar sin de léiríonn sé seo nach bhfuil an Scéim LCLM dírithe go maith ar thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh atá ar ioncam íseal (má bhíonn sé seo ar cheann de na cuspóirí a bhaineann leis).

Léiríonn an fhianaise go soiléir go raibh athruithe struchtúrtha ag tarlú laistigh de na LM (agus laistigh den tionscal níos leithne feirmeoireachta) chun laghdú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag ioncaim ísle feirmeoireachta a athraíonn ó cheann ceann na bliana agus ó bhliain go bliain. Ní bhíonn teacht isteach na dteaghlach feirmeoireachta inniu ag brath chomh mór ar aischuir fheirmeoireachta agus a bhíodh fiche bliain ó shin. Bíonn foinsí eile ioncaim ag níos mó feirmeoirí, go háirithe iad siúd ar fheirmeacha beaga ach go háirithe, rud a fhágann nach mbíonn siad an oiread sin i mbaol de bharr an 'thuas seal thíos seal' sna

margaidh talmhaíochta. Déantar athruithe margaidh agus struchtúir i gcúrsaí talmhaíochta chun cuidiú le feirmeoirí agus le teaghlaigh feirmeoireachta déileáil leis an bhrú eacnamaíochtúil a bhíonn orthu.

Bíonn ardluach talmhaíochta ar cheantair shainithe LM den chuid is mó. Bíonn ceantair shainithe AONB, Natura 2000, SAC, suíomhanna Ramsar, ASSIs agus SPA lonnaithe sna CMM den chuid is mó. Mar sin de, is sócmhainn mhór talmhaíochta é an CMM do Thuaisceart Éireann. Múnlaíodh agus coinníodh cuid mhór den tírdhreach agus den bhithéagsúlacht ag gníomhaíocht talmhaíochta.

Beidh géarghá le bainistíocht ghníomhach talmhaíochta ar bhealach inbhuanaithe i dtreo sláinte chomhshaoil agus carachtar na gceantar seo sa todhchaí. Má ghlactar leis go mbíonn an tsochaí ag smaoineamh ar an chomhshaol tuaithe agus go múnlaítear agus go gcoinnítear an comhshaol seo mar fhotháirge ar ghníomhaíocht talmhaíochta tá sé le tuiscint mar sin go mbeadh an rialtas ag iarraidh go leanfadh na gníomhaíochtaí seo.

Is fíor seo go háirithe má bhíonn an ghníomhaíocht seo faoi bhagairt de bharr brabúis atá íseal agus is mó an bhagairt sna ceantair a bhfuil buntáistí móra comhshaoil ag teacht ón talmhaíocht.

Léiríonn obair ar shampla-aithris eacnamaíochta:

- Go n-athraíonn tacaíocht LCLM iompar feirmeoireachta agus gníomhaíocht;

- Gan na LCLM is dócha go dtiocfadh deireadh le fiontar na mba diúil ar fheirmeacha a bhíonn ag iarraidh an chuid is fearr dá dteacht isteach a bhaint amach;
- Is féidir le bónas beostoic measctha bheith éifeachtach chun innilt mheasctha a chothú, innilt nach dtarlódh dá uireasa, go háirithe at thalamh níos boichte;
- Gan íocaíochtaí LCLM d'fhéadfaí leibhéal an talaimh i gconacra a laghdú agus an fhéidearthacht ann go dtréigfear an talamh conacra seo in ionad feirmeoireacht á dhéanamh air ag gnó eile feirme;
- Tá níos mó tionchair le sonrú ag an LCLM ar theacht isteach feirmeoireachta agus gníomhaíochta sna CMM; agus
- Bíonn íocaíocht bunráta de £39/heicteár de dhíth chun tréigean talaimh a sheachaint. Tá íocaíocht níos mó ná seo de dhíth chun feirmeoireacht an talaimh a spreagadh. Bíonn forlíon de £10/heicteár de dhíth le cinntiú go gcleachtaítear innilt mheasctha.

Fir níos sine is mó a bhíonn i dtionscal na feirmeoireachta i dTuaisceart Éireann ó thaobh comhionannais de. Níl aon difríocht ann, áfach, nuair a dhéantar aoiseanna feirmeoirí atá laistigh de na LM a chur i gcomparáid leo siúd taobh amuigh de na LM. Tá difríochtaí suntasacha ann i gcúlra pobail na bhfeirmeoirí de réir cineáil agus méide na feirme. Caitlicigh is mó atá sna feirmeoirí sna CMM agus Protastúnaigh is mó atá iontu siúd san ísealchríoch, agus tá siad siúd sna CM roinnte go cothrom. Níl aon fhianaise againn ar aon cheist comhionannanis a bhaineann le grúpa eitneach, claonadh gnéis, stádas pósta nó daoine a bhfuil cleithiúnaigh acu nó daoine nach bhfuil.

Is iad seo a leanas na príomh-theachtaireachtaí a léiríonn ár gcuid páirtithe leasmhara:

- Go bhfuil géarghá le tacaíocht LM le gníomhaíocht talmhaíochta a choinneáil ar siúl i gceantair faoi mhíbhuntáiste;
- Gan an tacaíocht sin tá an-bhaol ann go dtréigfí talamh;
- Soláthraíonn gníomhaíocht feirmeoireachta buntáistí suntasacha comhshaoil – mórcheist thábhachtach;
- Tá na dúshláin agus an baol go dtréigfí talamh níos mó sna SMM; agus
- Caithfear tacaíocht a dhíriú ar bhainisteoirí gníomhacha talaimh.

Is léir ón athrú atá le teacht ar pholasaithe agus reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a rialaíonn tacaíocht LM nach féidir leanúint den Scéim mar atá sí faoi láthair. Ón bhliain 2010 ar aghaidh rialóidh an Rialúcháin Chomhairle (Comhphobal Eorpach) 1698/2005 tacaíocht LM (faoi réir ag acht eile Comhairle), ar cuid roghnach í den Chlár Forbartha Tuaithe. Cuirfidh sé seo trí mhórathrú eile i bhfeidhm ar an chóras mar atá sé anois:

(i) Ní leanfaidh tacaíocht LM cuspóirí socheacnamaíocha níos mó. Is cuid é an LM anois den Ais chomhshaoil de Cholún 11 den CAP agus is é an sainról atá aige cur le *caomhnú na timpeallachta* trí *úsáid a bhaint as talamh thalmhaíochta* chomha maith le caomhnú agus cur chun cinn *córas inbhuanaithe feirmeoireachta* a dhéanamh. *Caithfear cáilitheacht a bhunú ar mhíbhuntáiste nádúrtha.*

(ii) As seo amach ní bheidh tacaíocht LM socraithe níos mó ag leibhéal a thugann ranníocaíocht mar chúiteamh ar mhíbhuntáistí arb ann dóibh. Ina ionad sin ba cheart go

mbeadh íocaíochtaí mar chúiteamh ar chostais bhreise a tharla agus ar ioncam a cailleadh a bhain leis an mhíbhuntáiste nádúrtha do tháirgeadh talmhaíochta sa cheantar atá i gceist.

(iii) Caithfidh íocaíochtaí faoi aon chóras tacaíochta LM a bheith ann sa todhchaí bheith ar bhonn céimlaghdaitheach os cionn leibhéil thairsí ceantair in aghaidh an ghabháltais (nó i bhfocail eile, ba cheart go mbeadh an ráta íocaíochta in aghaidh an heicteáir níos ísle os cionn méid áirithe feirme).

Tá todhchaí thacaíocht LM, mar sin, ag crosbhóthar. Is léir ón fhianaise a cuireadh faoinár mbráid go bhfuil ceisteanna comhshaoil agus socheacnamaíocha ag eascar as athrú ar an scéim tacaíochta atá ann i láthair na huaire ach ní féidir leanúint den Scéim mar atá sí i ndiaidh 2010. Mar sin de, le dul chun cinn a dhéanamh, caithfear roghanna a mheas agus a dhéanamh atá (i) bunaithe ar an fhianaise atá ar fáil, (ii) atá dírithe ar na fadhbanna a bheidh ann sa todhchaí, (iii) ar féidir le hidirghabháil dhírithe rialtais a shocrú agus, (iv) a dhéanann cuntas ceart de chúrsaí comhionannais agus tuaithe.

I gCaibidil 12 den tuarascáil seo tá achoimre ar an fhianaise sna Caibidil roimhe agus cuirtear ceithre rogha chun tosaigh maidir le tacaíocht sa todhchaí. Is iad sin:

Rogha 1. Tarraingt siar na Scéime — ciallaíonn sé seo go mbeadh deireadh le tacaíocht LM am éigin feasta.

Rogha 2. Maoiniú LM a bhogadh laistigh den CFTTÉ 2007-2913 le díriú ar iomaíochas/cáilíocht an tsaoil tuaithe i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste go sóisialta agus go

heacnamaíochtúil — is ionann seo is a rá go mbeadh an t-airgead in úsáid chun infheistiú a dhéanamh ar iomaíochas na bhfeirmeacha agus gnónna eile, chun cáilíocht saoil feirmeoirí agus daoine eile a chónaíonn agus a oibríonn amuigh tuath a fheabhsú agus chun a gcuid scileanna a fhorbairt.

Rogha 3. Maoiniú LM a bhogadh chuig bearta talmhaíochta agus comhshaoil laistigh den CFTTÉ 2007-2013 — is ionann seo agus a rá go mbeadh an t-airgead in úsáid chun Scéim Bainistíochta na Tuaithe a leathnú agus chun tacu le feirmeoirí an tuath a bhainistiú ar bhealach a chuidíonn le saol plandaí agus ainmhithe.

Rogha 4. Tacaíocht LM a dhíriú ar na ceantair is mó atá faoi bhuntáiste go nádúrtha — is ionann seo is a rá go mbeadh an t-airgead in úsáid chun scéim tacaíochta eile LM ina ionad a chur i bhfeidhm. Bheadh sé mar aidhm ag an scéim a chinntiú go leantar den fheirmeoireacht sna ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus ar an dóigh sin, go ndéanfaí caomhnú ar na gnáthóga agus ar an tírdhreach a bhíonn ag brath ar ghníomhaíocht feirmeoireachta. Bheadh ar an Scéim cloí le coinníollacha na reachtaíochta AE atá le teacht agus san áireamh ansin bheadh athrú sa bhunús maidir le leibhéal íocaíochta a shocrú.

Fáiltímid roimh do thuairimí agus do fhreagraí ar na ceisteanna comhairliúcháin.